

Scéim Miondeontas Cholmcille le haghaidh tionscadal nó comhpháirtíocht le hAlban a chur chun cinn

Uasmhéid maoinithe ar fáil €1,800/£1,566

Spricdháta: Is féidir iarratas a dhéanamh am ar bith go dtí an 30 Meán Fómhair 2017, níl spricdháta ar leith ann.

Cúlra

Tá trí scéim maoinithe ag Colmcille

1. An scéim miondeontas le taighde a dhéanamh agus le comhthionscnaimh a phleanáil
2. An scéim deontas le tionscadail a mhaoniú (príomhscéim deontas Cholmcille)
3. An scéim sparánachtaí le cuidiú le daoine Gaeilge na hAlban a fhoghlaim

Má tá tú ag iarraidh tionscnamh a fhorbairt le comhpháirtí in Albain, nó a bhainfeas le Gaeilge na hAlban, tá an scéim miondeontas seo (scéim 1 thuas) ann le cuidiú le comhthionscnaimh agus comhpháirtíocht a fhorbairt. Nuair a bheidh an chomhpháirtíocht agus an plean tionscnaimh aontaithe faoin scéim miondeontas seo, is féidir iarratas a dhéanamh ar Scéim Deontas Cholmcille (scéim 2 thuas, príomhscéim deontas Cholmcille), a thugann leibhéal tacaíochta níos airde, má bhíonn sin de dhíth.

Má tá spéis agat iarratas a dhéanamh gabh chun cainte le hoifigigh Cholmcille ag Foras na Gaeilge sula líonfaidh tú an fhoirm thíos.

Treoir d'iarratasóirí

Is comhpháirtíocht é Colmcille idir Foras na Gaeilge in Éirinn agus Bòrd na Gàidhlig in Albain. Tá aidhm ag Colmcille caidreamh agus comhoibriú a chothú idir cainteoirí Ghaeilge na hÉireann agus cainteoirí Ghaeilge na hAlban, agus an dá phobal teanga a neartú.

An Scéim Miondeontas

1. An féidir liom cur isteach ar an scéim ?

Tá an scéim oscailte do

1. eagraíochtaí in Éirinn nó in Albain atá ag iarraidh tionscadal a fhorbairt le comhpháirtí sa tír eile
2. eagraíochtaí atá ag cuardach comhpháirtí nó ag iarraidh comhpháirtíocht a dhéanamh
3. trádálaithe aonair atá in ann tionscadal comhpháirtíochta idir Éire agus Albain a chur i bhfeidhm le comhpháirtí sa tír eile :
 - a. a mbeidh toradh fadtéarmach air
 - b. a rachaidh chun leas mhórphobal Ghaeilge na hÉireann agus/nó Ghaeilge na hAlban

2. An gá dom miondeontas a fháil roimh chur isteach ar phríomhscéim deontas Cholmcille ?

Ní gá. Is deis é seo comhpháirtíocht láidir a bhunú roimh chur isteach ar phríomhscéim deontas Cholmcille, má cheaptar go mbeadh sin fiúntach.

3. Cén cineál costais is féidir a chur san áireamh?

- a. Taisteal, lóistín agus cothú atá riachtanach le plean comhpháirtíochta a chur le chéile a léiríonn luach ar airgead agus atá réamhaontaithe le Foras na Gaeilge
- b. Ceardlanna nó oiliúint leis an tionscadal a fhorbairt
- c. Gníomhaíocht ar bith eile a bheadh fóirsteanach i dtuairim Fhoras na Gaeilge agus réamhaontaithe le Foras na Gaeilge

4. Cén obair atá le déanamh?

- a. Taighde riachtanach
- b. Plean tionscnaimh a chomhaontú le comhpháirtí in Albain, nó in Éirinn más páirtí in Albain an t-iarratasóir
- c. Plean le haghaidh úsáid teanga a aontú le gur féidir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a úsáid

5. Cén uair is féidir iarratas a dhéanamh ?

Is féidir iarratas a dhéanamh am ar bith suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2017. Bheadh an t-airgead le caitheamh roimh an 15 Samhain 2017.

6. Cén uair ba cheart an t-airgead a bheith caite ?

Ba cheart an t-airgead a bheith caite roimh an 15 Samhain 2017, agus tuairisc agus fianaise ar chaiteachas a chur isteach roimh dheireadh Mhí na Samhna 2017.

7. Cén uair a bheidh cinneadh ar fáil?

Tá súil againn cinneadh a bheith ar fáil taobh istigh de shé seachtaine i ndiaidh an t-iarratas a bheith faighte againn. I gcás eagraíochtaí a bhfuil maoiniú mór acu cheana féin in 2017 (de réir treoracha atá i bhfeidhm ag an am), is féidir go mbeidh próiseas níos faide ann.